C/2025/5893

4.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12006 — GLOBAL PAYMENTS / WORLDPAY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5893)

1. An 27 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Global Payments Inc. ('Global Payments', na Stáit Aontaithe),

— Worldpay Holdco, LLC ('Worldpay', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Global Payments rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Worldplay.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí teicneolaíochta agus réiteach íocaíochta é Global Payments, a sholáthraíonn bogearraí agus seirbhísí nuálacha dá chustaiméirí (ceannaithe agus institiúidí airgeadais go príomha) ar fud an domhain. Áirítear ar a sheirbhísí réitigh fála ceannaithe, réitigh bainistíochta fiontair agus íocaíochta, próiseáil cártaí íocaíochta agus réitigh tairseacha íocaíochta ar líne,

— Is cuideachta dhomhanda teicneolaíochta íocaíochta é Worldpay, a sholáthraíonn seirbhísí fála ceannaithe agus seirbhísí teicneolaíochta gaolmhara do cheannaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12006 — GLOBAL PAYMENTS / WORLDPAY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').